



## Plean Ceachta Sinsearach 1 – Leictreachas Statach

### Cuspóirí

1. Foghlaim na príomhthéarmaí agus príomhfhocail leictreacha
2. Faigh tuiscint ar na dainséir a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh leictreachais de inár dtimpeallacht
3. Breathnaigh ar na héifeachtaí a bhíonn ag leictreachas statach ar ghnáthrudáí sa timpeallacht

### Réamhrá

#### Conas a éiríonn le leictreachas dul isteach chuig do scoil, dar leat?

Déantar leictreachas a ghiniúint i stáisiún cumhachta, de ghnáth ag baint úsáide as gual, móin, ola nó mar a tharla le déanaí ag baint úsáide as fuinneamh in-athnuaite ar nós na gaoithe nó na gréine. Taistealaíonn sé ansin ar feadh sreang agus cáblaí chun dul isteach chuig tithe agus gnólachtaí ar fud na tíre.

- **Voltanna** – déantar leictreachas a thomhas i voltanna.
- **Piolón** – is struchtúr ard é seo, de ghnáth is túr cruach é, a úsáidtear le tacú le líne chumhachta lasnairde nuair atá sé ag taisteal achair fhada agus iompraíonn sé sreanga lasnairde ardvoltais.
- **Cuailí agus sreanga lasnairde** – baintear úsáid ansin as cuailí adhmaid le sreanga leictreachais a thabhairt chuig na bailte agus sráidbhailte ar fud na tíre.
- **Mionbhoscaí leictreachais** – i mbailte agus i sráidbhailte, uaireanta tugtar leictreachas isteach chuig tithe ag baint úsáide as cáblaí faoin talamh. Ceanglaítear na cáblaí leis an bpríomhsholáthar cumhachta de ghnáth le boscaí miotail atá ar an gcosán nó in aice le ballaí gairdín go minic. Tugtar mionbhoscaí leictreachais orthu seo agus bíonn comhartha 'Dainséar' orthu ar an doras. Ná saigh aon rud isteach iontu seo nó ná suigh orthu.
- **Comharthaí rabhaidh dainséir leictreachais** – ciallaíonn na comharthaí seo fanacht amach ón limistéar seo. D'fhéadfadh comharthaí dainséir a bheith ar chuailí leictreachais, mionbhoscaí leictreachais agus timpeall piolón. Chomh maith leis sin is féidir le sreanga leictreachais bheith dainséarach, ná leag lámh orthu nó ná téigh gar dóibh.

### Leictreachas agus Uisce, Fainic!

Coinnigh fearais agus uirlisí leictreacha amach as uisce. Ná leag lámha fliucha ar fhearais ná uirlisí leictreacha riamh nó ná leag lámha orthu agus tú i do sheasamh in uisce. Sreabhann leictreachas go héasca trí uisce agus is féidir leis sreabhadh ó fhearais trí do lámha fliucha agus isteach chuig do chorp, a d'fhéadfadh a bheith dainséarach agus a d'fhéadfadh turraing leictreach a thabhairt duit. Ná tabhair fearais leictreacha isteach sa seomra folctha. I gcás citil leictreacha agus meaisíní níocháin tá na fearais leictreacha áirithe seo déanta go speisialta le huisce a úsáid, ach ba chóir duit a bheith cúramach an t-am ar fad. Tá níos mó leideanna sábháilteachta ag [www.esbnetworks.ie/education](http://www.esbnetworks.ie/education)

### Acmhainní

Gránach, pinn luaidhe agus bileoga páipéir.

### Gníomhaíocht Ranga Uile

- Iarr ar na leaná scríobh síos conas a éiríonn le leictreachas dul isteach ina dtithe ag baint úsáide as léaráid shimplí leis an turas a thógann sé a thaispeáint
- Íoslódáil na bileoga gníomhaíochta breise ar [www.esbnetworks.ie/education](http://www.esbnetworks.ie/education)

### Grúpghníomhaíocht

Go minic baintear "turraing" do dhaoine nuair a leagann siad lámh ar earra miotail toisc go bhfuil leictreachas statach breise bailithe chucu. Tarlaíonn sé seo toisc go bhfuil an leictreachas ag iarraidh dul isteach sa talamh.

#### Turgnamh:

- Cas píosa snáithe timpeall píosa gránaigh agus ceangail í le píosa troscáin ionas go gcochann sí go scaoilte
- Cuimil an balún go fuinniúil ar an ngruaig nó ar gheansaí olla chun é a luchtú
- Tarraing an balún gar don ghránach chun féachaint cad a tharlaíonn
- Déan iarracht an gránach a chuimilt leis an mbalún agus féach cad a tharlaíonn

Ba chóir do na páistí a dturgnamh a scríobh isteach ina gcóip eolaíochta agus léaráid a chur isteach ann freisin.

### Gníomhaíocht Bhreise

Scríobhann na páistí alt ina dtugann siad míniú ar leictreachas statach ina gcuid focal féin.

### Gníomhaíocht Iomlánach

Iarr ar pháistí amháin nó beirt achoimre a thabhairt ar na gníomhaíochtaí ina gcuid focal féin don rang agus cinntigh go mínítear na torthaí.

### Suíomhanna Gréasáin Úsáideacha

[www.esbnetworks.ie/education](http://www.esbnetworks.ie/education)